



Dé-eisceachtúlacht

Try again, Chris, she whispered in my ear. ... I tried once more ... I shook, I sweated and strained every muscle. ...I drew it - the letter 'A' That one letter ... was my road to a new world, my key to mental freedom.

Ó *My Left Foot* le Christy Brown Vintage: Londain (1990)

Seo daltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu ach a léiríonn míchumas breise freisin, mar shampla, bíonn neamhord speictrim uathaigh (NSU) nó suaitheadh mothúchánach orthu, nó bíonn laige éisteachta, urlabhra nó amhairc, míchumas fisiceach nó míchumas foghlama ar leith orthu. Tugann na daltaí seo dúshlán ar choincheap an 'tréitheachais iomláin', frása a chuireann in iúl go bhfuil cumais nó tallanna acu sna réimsí acadúla ar fad. Daltaí a bhfuil idir cumas eisceachtúil agus míchumas foghlama orthu léiríonn siad tallanna agus láidreachtaí suntasacha i réimse amháin, agus ag an am céanna léiríonn siad na tréithe a bhaineann leis an míchumas breise. Go minic ní aithníonn daoine na daltaí seo i measc daltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu. Seo a leanas roinnt tréithe le bheith ag faire amach dóibh agus tú ag iarraidh na daltaí seo a aithint: fianaise go bhfuil tallann nó cumas sármhaith acu; neamhréiteach idir gnóthú ionchais agus gnóthú i ndáiríre; agus fianaise go bhfuil easnamh ann ó thaobh próiseála de (m.sh. seans go mbeidh tearcghnóthú i measc daltaí a bhfuil easnaimh próiseála amhairc nó éisteachta orthu mar gheall ar dheacrachtaí bunúsacha atá ag an inchinn maidir le ciall a bhaint as cineálacha áirithe faisnéise amhairc agus/nó éisteachta a fhaightear agus é a phróiseáil).

Tá ar a laghad trí fhoghrúpa de dhaltaí ann a bhféadfadh a ndé-eisceachtúlacht dul gan aithint ar scoil:

- daltaí a aithníodh mar dhaoine a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, ach a léiríonn deacrachtaí ar scoil. Meastar go minic gur tearcghnóthachtálaithe iad na daltaí seo, agus is féidir le féin-iomhá dona, easpa spreagthachta nó fiú amháin leisciúlacht a bheith mar chúis lena dtearcghnóthachtáil. De réir mar a éiríonn saol na scoile níos dúshlánaí, seans go mbeidh méadú ar na deacrachtaí acadúla go dtí go mbeidh na daltaí ag titim taobh thiar dá bpiaraí go suntasach.
- daltaí a bhfuil a míchumais foghlama chomh tromchúiseach is gur aithníodh go bhfuil míchumais foghlama orthu, ach nár aithníodh a gcumas eisceachtúil riamh agus nach ndeachthas i ngleic leis. Go minic déantar cumas intleachtach na ndaltaí seo a mheas faoina gcumas mar gheall ar dheacrachtaí le measúnú a dhéanamh ar na daltaí seo le scrúduithe SI (Sainuimhir Intleachta) caighdeánaithe.

- daltaí a dtagann a gcumais agus a míchumais trasna ar a chéile, sa chaoi go meastar go bhfuil cumais ar an meán acu. Toisc go bhfeidhmíonn na daltaí ag an gnáthleibhéal scoile go hiondúil, ní fheictear go bhfuil fadhbanna nó riachtanais speisialta oideachais acu. Go hiondúil éiríonn a gcuid fadhbanna acadúla chomh dona is go gceapann daoine go bhfuil míchumas foghlama orthu.



Leideanna Foghlama agus Teagaisc

(Na cineálacha cur chuige seo a leanas, anuas ar na leideanna foghlama agus teagaisc a léirítear maidir leis na daltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, seans go mbeidh siad ina gcabhair chun tacaíocht/dúshlán a thabhairt do na daltaí seo. Uaireanta beidh gá le roinnt de na cineálacha cur chuige seo a úsáid in éindí lena chéile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur chóir freastal a dhéanamh ar na himpleachtaí d'fhoghlaim agus do theagasc a bhaineann le míchumas breise na ndaltaí.)

- Cruthaigh timpeallacht foghlama ina leagtar luach ar dhifriochtaí aonair.
- Ba chóir a bheith tuisceanach i leith na ndaltaí seo nuair a bhíonn deacracht acu le cúrsaí i gcoitinne. Seans go mbeidh gá acu le breis ama, mar shampla, nó go mb'fhéidir gur ghá ceisteanna a léamh os ard leis na daltaí seo.
- Leag amach spriocanna gearrthéarmacha seachas tionscadail níos faide.
- Ba chóir do mhúinteoirí teacht ar ábhair a bhfuil suim ag na daltaí iontu chun rannpháirtíocht na ndaltaí sna tascanna a fheabhsú.
- Bain úsáid as na leideanna foghlama agus teagaisc a léirítear sa chuid a bhaineann le daltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu (leathanaigh 81-83), gan dearmad a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le freastal a dhéanamh ar mhíchumas breise na ndaltaí.



Acmhainní/Tagairtí Breise

1. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an Chomhairle Churaclaim, Scrúdúcháin agus Mheasúnaithe (CCEA) (2007) *Exceptionally Able Students: Draft Guidelines for Teachers*, Béal Feirste: CCEA, íoslódáil ó: <http://www.ncca.ie/>
2. An Óige Thréitheach Tá sé mar aidhm aige seo cabhrú le daltaí, a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, a gcumas a bhaint amach agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do dhaoine eile a bhfuil baint ghairmiúil acu lena bhforbairt, láithreán gréasáin: <http://homepage.tinet.ie/~iagc/iagc.htm>
3. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1993) *Tuarascáil an Choiste Athbhreithnithe ar an Oideachas Speisialta (Report of the Special Education Review Committee)*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
4. Déanann an *National Association for Gifted Children (NAGC)* iarracht tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuil baint acu go díreach le daltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, láithreán gréasáin: <http://www.nagcbrtain.org.uk/>
5. Láithreáin úsáideacha gréasáin:
http://www.gt-cybersource.org/FindResourceNew.aspx?NavID=1_0
Tá raon leathan alt i leabharlann GT-Cybersource ar dhaltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, ina measc, bailiúchán mór maidir le dé-eisceachtúlacht.
http://www.ldonline.org/ld_indepth/gt_ld/gifted_ld.html
Tá naisc sa láithreán seo chuig roinnt ailt maidir le dé-eisceachtúlacht.
<http://www.newhorizons.org/spneeds/gifted/nowak3.htm>
Tá páipéar maidir le dé-eisceachtúlacht leis an Dr Margi Nowak sa láithreán seo.
<http://www.twicegifted.net/>
Tá faisnéis sa láithreán seo maidir le daoine cáiliúla a raibh dé-eisceachtúlacht orthu.
6. Rialtas na hÉireann (1998) *An tAcht Oideachais*, 1998, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
7. Rialtas na hÉireann (2004) *An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu*, 2004, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
8. Smutny, J.F., Walker, S.Y., Meckstroth, E.A. agus Lisovskis, M. (1997) *Teaching Young Gifted Children in the Regular Classroom: Identifying, Nurturing and Challenging Ages 4-9*, Minneapolis, MN: FreeSpirit Publishing Inc.
9. Sousa, D.A. (2003) *How the Gifted Brain Learns*, Thousand Oaks, CA: Corwin Press.
10. Tá bileoga fíricí ar líne ag an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS) a bhaineann leo siúd a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, láithreán gréasáin: <http://www.sess.ie/>



11. Tá comhairle úsáideach ag an Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (LNTO) maidir leis an gcaoi gur féidir Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a chuimsiú san fhoghlaim agus sa teagasc do leanaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, láithreán gréasáin: <http://www.ncte.ie/>
12. Tá faisnéis maidir leis an gcuraclam a chomhdhlúthú ag *Neag Center for Gifted Education and Talent Development*, láithreán gréasáin: <http://www.gifted.uconn.edu/sem/semart08.html>
13. Tá leabharliosta cuimsitheach curtha le chéile ag Ionad na hÉireann don Óige Thréitheach (CTYI) a bhaineann le daltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, láithreán gréasáin: <http://www.dcu.ie/ctyi/>
14. Tá sé mar aidhm ag an *National Association for Able Children in Education (NACE)* tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun an méid is fearr a fháil ó dhaltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu agus a chur ar chumas na ndaltaí ar fad teacht i dtreis ag an am géanna, láithreán gréasáin: <http://www.nace.co.uk/>



15. Winebrenner, S. agus Espeland, P. (2000) *Teaching Gifted Kids in the Regular Classroom: Strategies and Techniques Every Teacher Can Use to Meet the Academic Needs of the Gifted and Talented* (eag. athbh. agus nuashonraithe), Minneapolis, MN: FreeSpirit Publishing Inc.
16. *World Council for Gifted and Talented Children*. Tá sé mar aidhm aige seo aird an domhain a dhíriú ar dhaltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu le go mbainfear a gcumas amach chun leasa gach duine, láithreán gréasáin: <http://world-gifted.org/>

